

## Leagan 2.2 14.05.2015

Tá ráig den ghalar víris Ebola ar siúl faoi láthair san Afraic Thiar. Tuairiscíodh go raibh seo ar siúl i mí Márta 2014 agus ó dheireadh mí na Bealtaine i leith, tá ceithre thír gafa leis go dtí seo: An Ghuine, An Libéir, agus Siarra Leon. Ar an 20/10/14, tá sé fógartha go h-oifigiúil ag an EDS go bhfuil an Nigéir saor ó Ebola. Ar an 09/05/15, tá sé fógartha go h-oifigiúil ag an EDS go bhfuil An Libéir saor ó Ebola.

**Ní raibh aon chás in Éirinn go dtí seo** agus tá baol **an-íseal** ann go dtiocfaidh an galar víris Ebola go hÉireann.

Is galar neamhchoitianta é galar víris Ebola ach is ionfhabhtú víreasach tromchúiseach é, a tharchurtar trí theagmháil dhíreach le fuil, sreabhán coirp (seile, fual, faecas, bainne cíche) agus orgáin an duine ionfhabhtaithe. Ní scaiptear an víris san aer mar a tharlaíonn le fliú.

Ní dócha, ach d'fhéadfaí, go dtiocfadh duine a ionfhabhtaíodh sa Ghuine, san Libéir, Siarra Leon nó sa Nigéir go hÉireann. Tá na tíortha atá buailte leis an víris ag cur tús le scagadh orthu siúd atá ag fágáil na tire sna h-aerfoirt chun a chinntiú nach n-éiríonn le duine atá tinn dul ar eitleáin. Tá an méid seo ag cloí le treoir na hEagraíochta Sláinte Dhomhanda (WHO) agus is é seo ceann de na bearta atá in úsáid chun an scaipeadh idirnáisiúnta den ghalar a laghdú.

- tá an baol go dtiocfadh an galar víris Ebola go hÉireann **an-íseal**
- bhí neart ráigeanna den galar víris Ebola san Afraic roimhe seo, ach níor bhris aon ráig amach san Eoraip
- tarchurtar an galar víris Ebola ó dhuine go duine trí theagmháil dhíreach le fuil agus sreabhán coirp duine atá tinn leis an ngalar. Ní scaiptear an víreas san aer mar a tharlaíonn le fliú. Ní tharchurann daoine gan siomptóim an ionfhabhtú.
- bíonn idir dhá lá go 21 lá ( tréimhse ghoir) idir theagmháil le duine ionfhabhtaithe agus an am a fheictear na céad siomptóim den ghalar víris Ebola
- mura bhfuil siomptóim ar aon pháiste/dalta a fhilleann go hÉireann tar éis taistil ó cheann de na tíortha atá buailte, **níl sé/sí ionfhabhtaíoch** agus dá bhrí sin **níl aon gá sraon a chur** lena bhfreastail ar chúram leanaí/scoil/coláiste ná ar ghnáth ghníomhaíochtaí

Forbraíodh an algartam iniata d'aon turas chun cabhrú le suíomhanna cúram leanaí, scoileanna , agus coláiste, suíomhanna a d'fhéadfadh leanaí/daltaí/ baill foirne a bheith ag fillleadh nó ag teacht ar chuairt ó na tíortha atá buailte.

Ba chóir go mbeadh gach ball foirne nó iad siúd a bhfuil baint acu leis na leanaí/daltaí seo a bheith ar an airdeall faoin méid atá le déanamh má éiríonn páiste/dalta tinn agus tá treoir ginearálta (féach thíos) faoi rialú ionfhabhtaithe i suíomhanna cúram leanaí, scoile nó coláiste.

Tá tuilleadh eolais faoin ráig den ghalar víris Ebola ar fáil ar na láithreáin

ghréasáin seo a leanas:

<http://www.hpsc.ie/A-Z/Vectorborne/ViralHaemorrhagicFever/Ebola/>

Comhairle Taistil faoi Ebola ar fáil ag:

<http://www.hpsc.ie/A-Z/Vectorborne/ViralHaemorrhagicFever/Ebola/TravelAdvice/>

*Bainistiú Galair Ionfhabhtaíocha in Áiseanna Cúraim Leanaí agus  
Suíomhanna Cúraim Leanaí Eile*

agus

*Bainistiú Galair Ionfhabhtaíocha Scoileanna* ar fáil ag:

<http://www.hpsc.ie/A-Z/LifeStages/SchoolHealth/>

### **An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte(WHO):**

[http://www.who.int/csr/disease/Ebola\\_virus\\_disease/en/index.html](http://www.who.int/csr/disease/Ebola_virus_disease/en/index.html)

### **Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - comhairle taistil :**

<https://www.dfa.ie/travel/travel-advice/a-z-list-of-countries/guinea/>

<https://www.dfa.ie/travel/travel-advice/a-z-list-of-countries/liberia/>

<https://www.dfa.ie/travel/travel-advice/a-z-list-of-countries/sierra-leone/>

## Measúnú riosca den ghalar víris Ebola i suíomhanna cúraim leanaí/scoileanna/coláiste

Cabhraíonn an algartam seo chun measúnú a dhéanamh ar leanaí/daltaí atá tinn i suíomhanna cúraim leanaí/scoileanna/coláiste, agus cuideoidh sé leis aisefhreagra lucht sláinte poiblí agus cinnteoidh sé go gcuirfear na h-eagraíochtaí cuí ar an eolas. Mura bhfuil an páiste in ann ceisteanna a fhreagairt, faigh an t-eolas ó dhuine fásta freagrach.

An bhfuil cuma tinn ar an bpáiste/dalta? San áireamh ar na siomptóim a mbeifear ag súil leo ná fiabhras (m.sh. craiceann meathbhán, ag cur allais nó creathanna), buinneach agus urlacan, agus laigeacht (m.sh. gan a bheith in ann seasamh mar is cuí dá (h)aois gan tacaíocht)

**Mura bhfuil**, lean ar aghaidh mar is gnáth

Más 'tá' an freagra, cuir na ceisteanna seo a leanas

Ar tháinig an páiste/dalta ó thír atá buailte le Ebola\* (m.sh. an Ghuine, an Libéir, Siarra Leon) nó ar chaith sé/sí am i gceann de na tíortha seo le linn tréimhse 21 lá roimhe seo?

**Murar chaith**, lean na gnáth treoracha chun déileáil le páiste/dalta atá tinn

Má chaith, lean ar aghaidh mar seo a leanas

Teastaíonn measúnú leighis ar an bpointe. Cuir an páiste/dalta ar aghaidh chuig na soláthróirí cúram sláinte áitiúil de réir na gnáthaimh.

Nuair atáthar á sheoladh chuig na seirbhísí áitiúla (Dochtúir Teaghlaigh/Rannóg Éigeandála/ otharcharr/ céad fhreagróirí), déan glaoch gutháin ar dtús. Inis don tseirbhís gur fhill an páiste/dalta le deireanas ó thír atá buailte le Ebola agus go dteastaíonn measúnú riosca. Cinntíonn seo go dtuigeann siad an cás agus go ndéanfaidh siad an méid gur gá, ag caitheamh éadaí cosanta pearsanta san áireamh, más gá.

An fhad is go bhfuiltear ag feitheamh ar thuismitheoir/caomhnóir/ seirbhís otharcharranna/ céad fhreagróirí ba chóir an páiste tinn a leithlisiú ó na leanaí/daltaí/baill foirne eile. Ba chóir na réamhchúraimí caighdeánacha a chur i bhfeidhm.

Déan teagmháil le do rannóg sláinte poiblí áitiúil, a chabhróidh leat le h-aon ghníomhaíocht sláinte poiblí a bhfuil gá leis ina dhiaidh sin. Tá liosta de na rannóga sláinte poiblí áitiúla ar fáil ag: <http://www.hpsc.ie/NotifiableDiseases/Whotonotify/File,13160,en.pdf>: